C/2025/2941

23.5.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/2941)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Coppa di Parma'

PGI-IT-0602-AM01 — 28.2.2025

1. **Ainm an táirge**

'Coppa di Parma'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC)

☒ Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)

☐ Tásc Geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

An Aireacht Talmhaíochta, Biafhlaithis agus Foraoiseachta - An Roinn Biafhlaithis agus Spóirt Eachaíochta

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Na leasuithe ar an tsonraíocht táirge le haghaidh TGFC Coppa di Parma:

— níl i gceist leo athrú ar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint ná ar ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint, ná ar úsáid an ainm sin;

— níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní; nó

— níl srianta breise ar chur ar an margadh an táirge i gceist leo.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

1. *Leasú ar Airteagal 3*

Leasú 1

Baineann an leasú le hAirteagal 3, mír 1, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4 den doiciméad aonair.

Tuairisc:

Ceartaítear leis an leasú ainm an bhardais 'Senna Lodigiano' go 'Senna Lodigiana'.

Cúis:

Ceartaítear leis an leasú earráid tras-scríofa gan an limistéar táirgeachta a athrú. Is é 'Senna Lodigiana' an t-ainm ceart, mar is léir in Airteagal 1 d'Fhoraithne Ríoga Uimh. 1126 an 11 Eanáir 1863 lena n-údaraítear do bhardais éagsúla i gcúigí Milano, Alessandria, Brescia, Cremona, Torino, Ascoli, Macerata, Cuneo, Piacenza, Porto-Maurizio, Ravenna agus Sassari ainmneacha nua a ghlacadh (Iris Oifigiúil Ríocht na hIodáile Uimh. 32 an 6 Feabhra 1863).

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

2. *Leasú ar Airteagal 3*

Leasú 2

Baineann an leasú le hAirteagal 3, mír 1, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4 den doiciméad aonair.

Tuairisc:

Ceartaítear leis an leasú ainm an bhardais 'Segugnago' go 'Secugnago'.

Cúis:

Ceartaítear leis an leasú earráid tras-scríofa gan an limistéar táirgeachta a athrú. Is é 'Secugnago' an t-ainm ceart, mar is léir in Airteagal 2 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 251 an 6 Márta 1992 lena mbunaítear cúige Lodi (Iris Oifigiúil Phoblacht na hIodáile Uimh. 77 an 1 Aibreán 1992). Níl aon athrú ar an limistéar táirgeachta.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

3. *Leasú ar Airteagal 3*

Leasú 3

Baineann an leasú le hAirteagal 3, mír 1, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4 den doiciméad aonair.

Tuairisc:

Leis an leasú, cuirtear 'Guardamiglio' in ionad ainm an bhardais 'Gardamiglio'.

Cúis:

Ceartaítear leis an leasú earráid tras-scríofa gan an limistéar táirgeachta a athrú. Is é 'Guardamiglio' an t-ainm ceart, mar is léir in Airteagal 2 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 251 an 6 Márta 1992 lena mbunaítear cúige Lodi (Iris Oifigiúil Phoblacht na hIodáile Uimh. 77 an 1 Aibreán 1992).

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

4. *Leasú ar Airteagal 3*

Leasú 4

Baineann an leasú le hAirteagal 3, mír 1, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4 den doiciméad aonair.

Tuairisc:

Leis an leasú, cuirtear 'Santo Stefano Lodigiano' in ionad ainm an bhardais 'S. Stefano Lodigiano'.

Cúis:

Gan an limistéar táirgeachta a athrú, tugtar ainm iomlán ceart an bhardais leis an leasú, mar a thugtar in Airteagal 2 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 251 an 6 Márta 1992 lena mbunaítear cúige Lodi (Iris Oifigiúil Phoblacht na hIodáile Uimh. 77 an 1 Aibreán 1992).

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

5. *Leasú ar Airteagal 3*

Leasú 5

Baineann an leasú le hAirteagal 3, mír 1, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4 den doiciméad aonair.

Tuairisc:

Leis an leasú, cuirtear 'Castelnuovo Bocca d'Adda' in ionad ainm an bhardais 'Castelnuovo B. D'Adda'.

Cúis:

Gan an limistéar táirgeachta a athrú, tugtar ainm iomlán ceart an bhardais leis an leasú, mar a thugtar in Airteagal 2 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 251 an 6 Márta 1992 lena mbunaítear cúige Lodi (Iris Oifigiúil Phoblacht na hIodáile Uimh. 77 an 1 Aibreán 1992).

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

6. *Leasú ar Airteagal 3*

Leasú 6

Baineann an leasú le hAirteagal 3, mír 1, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4 den doiciméad aonair.

Tuairisc:

Leis an leasú, cuirtear 'Piadena' in ionad ainm an bhardais 'Piadina'.

Cúis:

Ceartaítear leis an leasú earráid tras-scríofa gan an limistéar táirgeachta a athrú. Is é 'Piadena' an t-ainm ceart, mar is léir in Airteagal 1 d'Fhoraithne Ríoga Uimh. 747 an 22 Márta 1928 lena gcomhcheanglaítear bardais Piadena agus Vho i mbardas aonair arb é 'Piadena' a lárionad riaracháin agus a ainm (Iris Oifigiúil Ríocht na hIodáile Uimh. 93 an 19 Aibreán 1928).

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

7. *Leasú ar Airteagal 3*

Leasú 7

Baineann an leasú le hAirteagal 3, mír 1, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4 den doiciméad aonair.

Tuairisc:

Leis an leasú, cuirtear 'Pieve San Giacomo' in ionad ainm an bhardais 'Pieve S. Giacomo'.

Cúis:

Gan leasú a dhéanamh ar an limistéar táirgeachta, tugtar ainm iomlán ceart an bhardais leis an leasú, mar a thugtar in Airteagal 1 d'Fhoraithne Ríoga Uimh. 4426 an 31 Bealtaine 1868 lena gcuirtear deireadh le bardais Gazzo agus Silvella agus lena ndéantar cuid de Pieve San Giacomo díobh (Iris Oifigiúil Phoblacht na hIodáile Uimh. 173 an 27 Meitheamh 1868).

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

8. *Leasú ar Airteagal 4*

Leasú 8

Baineann an leasú le hAirteagal 4 den tsonraíocht táirge; ní leasaítear an doiciméad aonair leis.

Tuairisc:

Leis an leasú, cuirtear slisneoirí leis na catagóirí oibreoirí atá faoi réir chóras rialaithe an TGFC.

Cúis:

Tá gá leis an leasú toisc go bhfuil an táirge slisnithe ar cheann de na foirmeacha inar féidir Coppa di Parma a chur ar an margadh i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

9. *Leasú ar Airteagal 5*

Leasú 9

Baineann an leasú le hAirteagal 5, mír 1, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc:

Leis an leasú, sonraítear tionscnamh géiniteach an amhábhair, lena léirítear gach teaglaim ghéiniteach fhéideartha a nglactar leo le haghaidh ainmhithe pórúcháin fireanna agus baineanna araon.

Cúis:

Leis an leasú, soiléirítear na teaglamaí ceadaithe crosphórtha. Tá sé tábhachtach measúnú a dhéanamh ar phór agus ar chineál géiniteach an dá ainmhí pórúcháin chun saintréithe muc trom a choinneáil ar bun, go háirithe a mhéid a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht leis na trí phór tagartha i Leabhar Tréada na hIodáile atá beartaithe do tháirgeadh muc trom.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

10. *Leasú ar Airteagal 5*

Leasú 10

Baineann an leasú le hAirteagal 5, mír 1, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc:

Leis an leasú, cuirtear isteach tábla ina mínítear na ceanglais ghéiniteacha le haghaidh muc ag a bhfuil na teaglamaí ceadaithe agus neamhcheadaithe.

Cúis:

Le cuimsiú an tábla, soláthraítear níos mó soiléireachta maidir leis an sainmhíniú ar na teaglamaí sin amháin a d'fhéadfadh a bheith ann de chrosáil ghéiniteach.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

11. *Leasú ar Airteagal 5*

Leasú 11

Baineann an leasú le hAirteagal 5, mír 1, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc:

Leis an leasú, cuirtear isteach an tagairt don liosta de chineálacha géiniteacha atá formheasta ag an Aireacht Talmhaíochta, Biafhlaithis agus Foraoiseachta.

Cúis:

Leis an tagairt don liosta agus dá nuashonrú, is féidir faireachán níos fearr a dhéanamh ar an slabhra táirgí.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

12. *Leasú ar Airteagal 5*

Leasú 12

Baineann an leasú le hAirteagal 5, mír 1, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3,3 den doiciméad aonair.

Tuairisc:

Leis an leasú, cuirtear deireadh leis an toirmeasc sainráite ar ainmhithe folaíochta de na pórtha Muc Lanrásach na Beilge, Muc Hampshire, an Mhuc Pietrain, an Mhuc Duroc agus Muc Bhallach na Polainne a úsáid.

Cúis:

Is iomchuí an leasú toisc go bhfuil an toirmeasc ar úsáid na bpórtha sin soiléir ó athfhoirmliú na saintréithe géiniteacha ceadaithe, lena n-áirítear trí bhíthin an tábla.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

13. *Leasú ar Airteagal 5*

Leasú 13

Baineann an leasú le hAirteagal 5, mír 1, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3,3 den doiciméad aonair.

Tuairisc:

Leis an leasú, cuirtear meáchan gach conablaigh muice troime aonair idir 110,1 kg agus 190,0 kg in ionad an chritéir maidir leis an meán-bheomheáchan in aghaidh na baisce de 160 kg ± 10 % agus sonraítear nach mór é sin a chinntiú tráth an mharaithe.

Cúis:

Trí bheomheáchan a dhíothú agus an critéar maidir le meáchan conablaigh aonair a chuimsiú, is féidir seiceáil níos beaichte a dhéanamh ar na ceanglais incháilitheachta maidir le gach muc a mharaítear, toisc gur modh níos trédhearcaí, níos cruinne, níos spriocdhírithe agus níos fearr go ginearálta é. Tá an méadú ar mheáchan muc nasctha leis an treocht atá ann faoi láthair i bhfeirmeoireacht muc na hEorpa mar thoradh ar ghéineolaíocht, ar leas ainmhithe agus ar chothú feabhsaithe.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

14. *Leasú ar Airteagal 5*

Leasú 14

Baineann an leasú le hAirteagal 5, mír 1, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc:

Leis an leasú, cuirtear isteach an critéar maidir le haois muc a ríomh chun críche maraithe.

Cúis:

Leis an leasú, soiléirítear an tsonraíocht táirge le haghaidh oibreoirí agus chun críoch rialaithe.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

15. *Leasú ar Airteagal 5*

Leasú 15

Baineann an leasú le hAirteagal 5, mír 2, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3,3 den doiciméad aonair.

Tuairisc:

Leis an leasú, sainmhínítear ‘fás’ – a dtugtar tuairisc air sa tsonraíocht táirge atá á leasú mar an chéad chéim bheathaithe – trína shonrú gurb é an fás an chéim tar éis an diúil agus an scoite.

Cúis:

Is iomchuí an sainmhíniú ar ‘fhás’ chun a shoiléiriú go dtagann an chéim sin tar éis na gcéimeanna an diúil agus an scoite, ar lena linn a fhéadfar na muca a bheathú le gach amhábhar a cheadaítear leis na rialacha atá i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíontar a riachtanais chothaitheacha, leasa ainmhithe agus sláinte.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

16. *Leasú ar Airteagal 5*

Leasú 16

Baineann an leasú le hAirteagal 5, mír 2, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3,3 den doiciméad aonair.

Tuairisc:

Leis an leasú, méadaítear an meáchan uasta ag deireadh na chéad chéime – ar a dtugtar ‘fás’ anois – ó 80 kg go 85 kg.

Cúis:

Tá an méadú sin nasctha le forbairtí sa ghéineolaíocht agus sa chothú, agus le cur i bhfeidhm caighdeán leasa ainmhithe (Treoir 2008/120/CE), a bhfuil feabhas ginearálaithe ar acmhainneacht fáis muc mar thoradh orthu.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

17. *Leasú ar Airteagal 5*

Leasú 17

Baineann an leasú le hAirteagal 5, míreanna 2 agus 3, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc:

Leis an leasú, cumasctar an dá chuid maidir le beathaí a cheadaítear sa chéad chéim agus beathaí a cheadaítear sa chéim mhéathaithe in ‘Tábla na n-amhábhar ceadaithe’ aonair, a tugadh isteach le haghaidh na céime fáis agus atá le húsáid le haghaidh na céime méathaithe freisin.

Leasaíodh ainmneacha na n-amhábhar seo a leanas, agus an ainmníocht dá bhforáiltear i rialacha an Aontais Eorpaigh a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 68/2013, arna thabhairt cothrom le dáta le Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún, á cur san áireamh:

— ní thagraítear do ‘arbhar Indiach’ san Iodáilis a thuilleadh mar *‘mais’* ach ina ionad sin mar *‘granturco’*;

— tagraítear do ‘seimilín’ anois mar ‘min’;

— tagraítear do ‘min mheidic na mbó dhíhiodráitithe’ anois mar ‘meidic na mbó (triomaithe ag teocht ard)’;

— ní thagraítear do ‘asbhrúchán rois’ in Iodáilis a thuilleadh mar *‘expeller di lino’* ach ina ionad sin mar *‘panello di lino’*, agus cuireadh na nithe seo a leanas isteach leis: ‘beatha asbhrúcháin rois’, ‘min rois’, ‘beatha mine rois’;

— tagraítear do ‘prabhait úll agus piorraí, craicne fíonchaor nó craicne trátaí mar iompróirí le haghaidh forlíontaí cothaitheacha’ anois mar ‘laíon torthaí agus laíon trátaí (prabhait trátaí) mar iompróirí réamh-mheascáin’;

— tagraítear do ‘giosta bríbhéireachta agus/nó giosta torula’ anois mar ‘giostaí’;

— tagraítear do ‘min úsctha ginidín arbhair Indiaigh’ (agus an focal *‘mais’* á úsáid san Iodáilis) anois mar ‘min ginidín arbhair Indiaigh’ (agus an focal *‘granturco’* á úsáid san Iodáilis);

— tagraítear do ‘triosc driogaireachta’ anois mar ‘triosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha’.

Baineadh na hamhábhair seo a leanas:

— ‘carúib as a bhfuil na clocha bainte’

— ‘líseáití próitéine’

— ‘prátaí díhiodráitithe’

— ‘casabhach’

— ‘laíon biatais brúite agus sadhlasaithe’

— ‘min seasamain’

— ‘min úsctha cnó cócó’

Scriosadh an focal ‘coirce’ ón gcatagóir ‘mionghránaigh’.

Athraíodh cainníocht na n-amhábhar seo a leanas:

— ‘bláthach’ le haghaidh na céime fáis amháin (rud a athraíonn go 250 g ar a mhéad in aghaidh an chinn in aghaidh an lae d’ábhar tirim);

— ‘min glútain arbhair Indiaigh agus/nó beatha glútain arbhair’ (ó suas le 5 % go dtí suas le 10 %);

— ‘arbhar Indiach’ (ó suas le 55 % go dtí suas le 65 %);

— ‘sorgam’ (ó suas le 40 % go dtí suas le 55 %);

— ‘eorna’ (ó suas le 40 % go dtí suas le 55 %);

— ‘cruithneacht’ (ó suas le 25 % go dtí suas le 55 %);

— ‘triteacál’ (ó suas le 25 % go dtí suas le 55 %);

— ‘laíon biatais díhiodráitithe’ (ó suas le 4 % go dtí suas le 10 %);

— ‘meidic na mbó, (triomaithe ag teocht ard)’ (ó suas le 2 % go dtí suas le 4 %);

Cuireadh na hamhábhair seo a leanas isteach:

— ‘min glútain arbhair Indiaigh agus/nó beatha glútain arbhair’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘sadhlas arbhair Indiaigh’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘min arbhair Indiaigh lándéise’;

— ‘triosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘beatha asbhrúcháin rois, min rois, beatha mine rois’;

— ‘lipidí a bhfuil leáphointe os cionn 36 °C acu’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘táirgí a fhaightear le linn síol ráibe a úscadh’;

— ‘pónairí soighe iomlána tóstáilte agus/nó asbhrúchán soighe’, le haghaidh na céime fáis amháin.

Roinneadh an t-amhábhar ‘piseanna agus/nó síolta léagúim eile’ ina dhá iontráil: ‘piseanna’ agus ‘síolta léagúim eile’, agus méadaíodh na cainníochtaí (‘piseanna’ suas le 25 % agus ‘síolta léagúim eile’ suas le 10 %).

Maidir le ‘min gráin agus/nó déise arbhair’, sonraíodh go mbaineann sé sin le ‘gráin arbhair Indiaigh agus/nó dias arbhair’.

Tugtar ‘táirgí a fhaightear le linn pónairí soighe a úscadh’ ar ‘min úsctha soighe’ anois, agus rinneadh an céatadán úsáide le linn na gcéimeanna fáis agus méathaithe araon a chaighdeánú ag suas le 20 %.

Athraíodh ‘min lus na gréine’ go ‘táirgí a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh’, ar méadaíodh a n-úsáid go dtí suas le 10 %.

I Nóta 4 a ghabhann leis an tábla, leagtar síos cion uasta amhshaille nach mó ná 2,5 % den ábhar tirim i gcás táirgí a fhaightear le linn pónairí soighe, síolta lus na gréine agus síol ráibe a úscadh.

Leasaíodh an tagairt do lamháltais ar amhábhair aonair i gcomhréir le hAirteagal 17(2)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2009, lena scriostar an tagairt don chéatadán 10 %.

Cuireadh isteach an rogha mianraí, vitimíní agus breiseáin a úsáid.

Tugadh isteach tagairt do bheatha tirim a thabhairt.

I nóta 2, rinneadh an sainmhíniú ar ‘thriosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha’ níos soiléire.

De bhreis ar an uasteorainn 2 % i gcás aigéad líonoiléach, tugtar isteach leis an leasú uasteorainn saille 5 % d’ábhar tirim san aiste bia.

Cúis:

Trí ‘Tábla na n-amhábhar ceadaithe’ cumaiscthe a chur isteach le haghaidh na gcéimeanna fáis agus méathaithe araon, is éasca an tsonraíocht táirge a léamh.

Athraíodh ainmneacha na n-amhábhar i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) Uimh. 68/2013 ón gCoimisiún, arna leasú le Rialachán (AE) 2017/1017. Is gá an téarmaíocht a thabhairt cothrom le dáta chun léiriú níos soiléire a thabhairt ar an gcineál amhábhair dá dtagraítear.

Scriosadh an tagairt do ‘choirce’ toisc go dtagann sí faoin gcatagóir ‘mionghránaigh’.

Scriosadh na téarmaí ‘carúib as a bhfuil na clocha bainte’, ‘líseáití próitéine’, ‘prátaí díhiodráitithe’, ‘casabhach’, ‘laíon biatais brúite agus sadhlasaithe’, ‘min seasamain’ agus ‘min úsctha cnó cócó’, toisc gur ar éigean a úsáidtear na hamhábhair sin i mbeathú muc trom ar chúiseanna teicniúla nó cúiseanna a bhaineann le cáilíocht nó toisc go bhfuil sé deacair iad a fhoinsiú nó go bhfuil luach íseal cothaitheach iontu.

Méadaíodh an céatadán ag a bhféadfar ‘min glútain arbhair Indiaigh agus/nó beatha glútain arbhair’ a úsáid toisc gur amhábhar é a bhfuil cion ard próitéine ann, tá sé úsáideach san aiste bia (garbhphróitéin) agus tá sé an-díleáite.

Méadaíodh an úsáid a bhaintear as ‘bláthach’ (le linn na céime fáis), ‘arbhar Indiach’, ‘sorgam’, ‘cruithneacht’, ‘triteacál’, ‘laíon biatais díhiodráitithe’, ‘meidic na mbó (triomaithe ag teocht ard)’ agus ‘táirgí a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh’ toisc go raibh na hamhábhair sin mar bhunús i gcónaí le haistí bia traidisiúnta muc trom agus chomh maith leis sin, i bhfianaise na bhfeabhsuithe atá déanta in earnáil na beatha le deich mbliana anuas, toisc go gcabhraíonn siad le hiontógáil snáithíní agus feidhmeanna ríthábhachtacha na muc a fheabhsú.

Tugadh isteach úsáid ‘lipidí a bhfuil leáphointe os cionn 36 °C acu’ le haghaidh na gcéimeanna fáis agus méathaithe araon, ós rud é gur cuireadh an teorainn nua 5 % ar shaill san ábhar tirim san aiste bia leis an teorainn 2 % ar aigéad líonoiléach, áirithítear, má úsáidtear blonag le linn na céime méathaithe, go bhfuil leibhéal bhrat saille na muc leordhóthanach.

Cuireadh isteach ‘Pónairí soighe iomlána tóstáilte agus/nó asbhrúchán soighe’ toisc, le linn na céime fáis, go soláthraíonn sé fuinneamh atá fíor-riachtanach chun riachtanais fuinnimh na muc a chomhlíonadh.

Úsáidtear ‘min arbhair Indiaigh lándéise’, atá fíorlán le snáithín, mar mhalairt ar bhran chun snáithín a thabhairt do na hainmhithe.

Áirithítear leis an méadú ar chéatadán na ‘bpiseanna’ go bhfuil leibhéal bhrat saille na muc leordhóthanach agus, murab ionann agus léagúim eile, go bhfuil tiúchan íseal tosca frithchothaitheacha iontu.

Cuireadh ‘beatha asbhrúcháin rois’, ‘min rois’ agus ‘beatha mine rois’ isteach toisc gur amhábhair iad atá cosúil le ‘asbhrúchán rois’, a coinníodh sa tsonraíocht táirge, agus a áirítear i Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún.

Tá ‘sadhlas arbhair Indiaigh’ agus ‘triosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha’, a bhfuil an dara ceann lán le vitimín B, curtha isteach anois le haghaidh na céime méathaithe freisin, agus is amhábhair idéalacha iad lena n-áirithítear leibhéal leordhóthanach brait saille sna muca agus, mar gheall ar a gcion ard snáithín, déanann muca fásta iad a dhíleá i bhfad níos fearr ná muca óga.

Maidir le ‘táirgí a fhaightear le linn síol ráibe a úscadh’, tugadh ‘síol ráibe’ isteach i liosta na n-amhábhar as an nua toisc gur féidir cineálacha nua a roghnú atá saor ó ghlúcóisínealáití agus ó aigéad éarúcach (tosca frithchothaitheacha) a bhuí leis an dul chun cinn sa ghéineolaíocht; cuireadh foclaíocht ar an iontráil chun an struchtúr a úsáidtear le haghaidh táirgí soighe agus lus na gréine a mheaitseáil.

Cumhdaíodh na táirgí roimhe seo le hiontráil aonair, e.g. 'min síolta ráibe' i Rialachán (AE) Uimh. 575/2011, agus ansin roinneadh ina dhá iontráil iad, 'min síolta ráibe' agus 'beatha mine síolta ráibe', in 2013 i Rialachán (AE) Uimh. 68/2013, arna leasú le Rialachán (AE) 1017/2017 ón gCoimisiún. Le Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún, liostaítear roinnt mhaith táirgí éagsúla a fhaightear le linn síolta ráibe a úscadh. Ní féidir na hábhair bheatha ar fad a liostú agus d'fhéadfadh athrú teacht orthu i gcás nuashonruithe le Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún. Leagadh síos cion uasta amhshaille 2,5 % den ábhar tirim sna nótaí a ghabhann le tábla na n-amhábhar ceadaithe chun brat saille iomchuí a áirithiú.

Maidir le 'táirgí a fhaightear le linn pónairí soighe a úscadh', rinneadh an céatadán a chaighdeánú ag 20 % le linn na gcéimeanna fáis agus méathaithe araon, chun a áirithiú go bhfuil brat saille na muc oiriúnach chun Coppa di Parma a tháirgeadh. Ós rud é gur príomh-shaintréith é cion amhshaille an amhábhair, leagadh síos cion uasta amhshaille 2,5 % den ábhar tirim agus áirítear é sna nótaí a chuirtear isteach tar éis an tábla. Cumhdaíodh na táirgí roimhe seo le hiontráil aonair, e.g.'min (pónaire) soighe', i Rialachán (AE) Uimh. 575/2011, agus ansin roinneadh ina dhá iontráil iad – 'min (pónaire) soighe' agus 'beatha mine (pónaire) soighe' – i Rialachán (AE) Uimh. 68/2013, arna leasú le Rialachán (AE) 1017/2017. Liostaítear i Rialachán (AE) 2017/1017 roinnt mhaith táirgí éagsúla a fhaightear le linn pónairí soighe a úscadh. Ní féidir iad ar fad a liostú agus d'fhéadfadh athrú teacht orthu i gcás nuashonruithe/leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún.

Maidir le 'táirgí a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh', tá siad socraithe anois ag 10 %: tá cion amhshaille an amhábhair tábhachtach chun a áirithiú go bhfuil brat saille iomchuí ag na muca atá oiriúnach do tháirgeadh Coppa di Parma; dá bhrí sin, áiríodh cion uasta amhshaille 2,5 % den ábhar tirim sna nótaí a ghabhann leis an tábla. Cumhdaíodh na táirgí roimhe seo le hiontráil aonair, e.g. 'min síolta lus na gréine' i Rialachán (AE) Uimh. 575/2011, agus ansin roinneadh ina dhá iontráil iad, 'min síolta lus na gréine' agus 'beatha mine síolta lus na gréine', in 2013 i Rialachán (AE) Uimh. 68/2013, arna leasú le Rialachán (AE) 1017/2017. Le Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún, liostaítear roinnt mhaith táirgí éagsúla a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh. Ní féidir iad ar fad a liostú agus d'fhéadfadh athrú teacht orthu i gcás nuashonruithe/leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún.

Leis an tagairt do na lamháltais ar amhábhair aonair, is féidir teacht i gcomhréir leis an reachtaíocht bheatha atá i bhfeidhm, is é sin Airteagal 17(2)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2009.

Leis an tagairt do bheatha thirim, is féidir leis an bhfeirmeoir an modh atá le húsáid a roghnú.

Le húsáid forbhianna vitimíní agus mianraí, agus breiseán, áirithítear fás cuí matán agus cabhraíonn sin le díleá agus ionsú cothaitheach.

Soiléiríodh an sainmhíniú ar 'thriosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha' trí úsáid a bhaint as an bhfoclaíocht i bpointe 1.12.9 de Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún.

Áirithítear leis an uasteorainn saille, a chuirtear le teorainn an aigéid líonoiléaigh, leibhéal optamach brait saille le haghaidh na muc a úsáidtear chun Coppa di Parma a tháirgeadh; tá an dá chritéar sin fíor-riachtanach, toisc gur méadaíodh (arbhar Indiach) amhábhair a d'fhéadfadh a bheith ina bhfoinsí saillte a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar cháilíocht bhrat saille na muc nó gur tugadh isteach iad (lipidí a bhfuil leáphointe os cionn 36 °C acu).

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

18. *Leasú ar Airteagal 5*

Leasú 18

Baineann an leasú le hAirteagal 5, míreanna 2 agus 3, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc:

Leis an leasú, sna rialacha maidir le muca a bheathú a bhaineann leis an gcéim mhéathaithe, tagraítear ar ais do 'Tábla na n-amhábhar ceadaithe' a áirítear sa chéim fáis, agus tá sonraíochtaí áirithe ann atá riachtanach le haghaidh na céime méathaithe.

Cúis:

Leis an leasú, soláthraítear léargas soiléir ar an mbeatha a cheadaítear le linn na céime méathaithe freisin.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

19. *Leasú ar Airteagal 5*

Leasú 19

Baineann an leasú le hAirteagal 5, roinn 'Comhábhair', mír 1, den tsonraíocht agus le pointe 3.2 den doiciméad aonair.

Tuairisc:

Leis an leasú, laghdaítear an méid íosta salainn ó 2,6 go 2,2.

Cúis:

Tá an laghdú ar an gcainníocht íosta salainn is féidir a úsáid i gcomhréir le moltaí cothaitheacha na hEagraíochta Domhanda Sláinte, lena dtugtar comhairle maidir le laghdú salainn in aistí bia daoine.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

20. *Leasú ar Airteagal 5*

Leasú 20

Baineann an leasú le hAirteagal 5, an dara mír ón deireadh, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc:

Leis an leasú, baintear na focail 'dá dtagraítear in Airteagal 7'.

Cúis:

Tá gá leis an leasú toisc go bhfuil foráil dhifriúil in Airteagal 7 den tsonraíocht táirge nua.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

21. *Leasú ar Airteagal 7*

Leasú 21

Baineann an leasú le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc:

Leis an leasú, baintear an fhoráil maidir leis an gcomhlacht rialúcháin.

Cúis:

Tá gá leis an nuashonrú sin chun an tsonraíocht táirge a thabhairt i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

22. *Leasú ar Airteagal 8*

Leasú 22

Baineann an leasú le hAirteagal 8 den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc:

Athuimhrítear leis an leasú Airteagal 8 mar Airteagal 7.

Cúis:

Tá gá leis an leasú i bhfianaise struchtúr airteagail nua na sonraíochta táirge.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

'Coppa di Parma'

Uimh. AE: PGI-IT-0602-AM01 — 28.2.2025

PDO ( ) PGI (X)

1. **Ainm nó ainmneacha (ATFC nó TGFC)**

'Coppa di Parma'

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

an Iodáil

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 16 — ULLMHÓIDÍ FEOLA, ÉISC, CRÚSTACH, MOILEASC NÓ INVEIRTEABRACH UISCEACH EILE NÓ FEITHIDÍ

3.2. ***Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)***

Nuair a scaoiltear TGFC 'Coppa di Parma' lena thomhailt, bíonn cruth sorcóra neamh-leacaithe air. Bíonn sé idir thart ar 25 cm agus 40 cm ar fhad agus bíonn an meáchan ar a laghad 1,3 kg. Nuair a ghearrtar é, ní féidir codanna sailleacha buí ná boga a bheith sna slisní, ar comharthaí iad de dhroch-aibiú, agus ní féidir aon mhúscán inmheánach a bheith iontu. Tá na saintréithe seo a leanas in TGFC 'Coppa di Parma' freisin:

Tréithe orgánaileipteacha: gnáthbhlas táirge feola inar tharla dianscaoileadh próitéalaíoch leordhóthanach sna codanna trua agus inar tharla dianscaoileadh lipealaíoch sna codanna sailleacha, mar gheall ar dhea-aibiú, gan blasanna coimhthíocha d'aigéad carbólach, min éisc ná substaintí eile, agus an leibhéal ceart déine; scaoiltear an boladh agus an chumhracht thaitneamhach is saintréith don táirge trí na codanna sailleacha a phriocadh, seachas na codanna trua, gar don phríomhfhéith le snáthaid cnámh capaill; meánraimhre faoi lámh agus nuair a ghearrtar é; cásáil atá éasca le baint; gan bheith gréisceach agus gan aon phaitean ar an dromchla; bíonn na codanna inmheánacha agus seachtracha aonchineálach, rud a léiríonn díhiodráitiú agus aibiú ceart de réir a chéile; bíonn dath an tslisne aonfhoirmeach agus saor ó mháchailí; bíonn dath dearg ar na codanna trua agus dath bándearg ar na codanna sailleacha. Is táirge é 'Coppa di Parma' a dteastaíonn tréimhse aibithe 60 lá ar a laghad uaidh.

Saintréithe ceimiceacha agus fisiciceimiceacha:

Salann	< 5%
Próitéiní iomlána	22 % ar a laghad
Cóimheas uisce/próitéine	2,00 ar a mhéad
pH	> 5,7
Paraiméadair mhicribhitheolaíocha:	
Enterobacteriaceae iomlán	adc/g < 10
E. coli	adc/g < 10
Staphylococcus aureus	adc/g < 100

Is iad salann (2,2 % go 3,5 %), blastáin nádúrtha agus/nó piobar agus/nó b'fhéidir spíosraí eile na comhábhair a úsáidtear chun 'Coppa di Parma' a ullmhú. Is féidir an méid seo a leanas a úsáid freisin: fíon, deastrós agus/nó fruchtós agus/nó siúcrós, i gcomhréir le forálacha dlíthiúla, saothráin tús gabhála i gcomhréir leis an dea-chleachtas, nítrít sóidiam/potaisiam, níotráit sóidiam/potaisiam, aigéad ascorbach agus a shalann, i gcomhréir le forálacha dlíthiúla.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Tá rialacha mionsonraithe ann nach mór a urramú maidir le húsáid agus comhdhéanamh an chandaim bheatha. Tá beathú na muc bunaithe go príomha ar tháirgí gránaigh agus ar sheachtháirgí an tionscail déiríochta. Féadfar an bheatha ghránachbhunaithe a thabhairt i bhfoirm leachtach (grúdarlach nó maistreán), measctha go traidisiúnta le meadhg, nó i bhfoirm thirim. Go sonrach, seo a leanas atá sa bheatha:

Ceadaítear na nithe seo a leanas le linn na céime fáis: Arbhar Indiach; Sorgam; Eorna; Cruithneacht; Triteacál: Min gráin bhuí, agus/nó min déise arbhair; Mionghránaigh; Piseanna; Min arbhair Indiaigh lándéise; Bran cruithneachta agus seachtháirgí eile ó phróiseáil cruithneachta; Táirgí a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh; Sadhlas arbhair Indiaigh; Min glútain arbhair Indiaigh agus/nó beatha glútain arbhair; Laíon biatais díhiodráitithe; Táirgí a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh; Táirgí a fhaightear le linn síol ráibe a úscadh; Síolta léagúim eile; Pónairí soighe iomlána tóstáilte agus/nó asbhrúchán soighe; Min ginidín arbhair Indiaigh; Molás; Meidic na mbó (triomaithe ag teocht ard); Triosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha; Laíon torthaí agus laíon trátaí (prabhait trátaí) mar iompróirí réamh-mheascáin; Asbhrúchán rois, beatha asbhrúcháin rois, min rois, beatha mine rois; Lipidí a bhfuil leáphointe os cionn 36 °C acu; Giostaí; Min éisc; Meadhg; Bláthach;

Ní mór na sonraíochtaí seo a leanas a chur san áireamh freisin i mbeatha le linn na céime fáis: féadfar an aiste bia a fhorlíonadh le vitimíní agus mianraí, agus féadfar breiseáin a úsáid, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm; Níor cheart an t-ábhar tirim ó ghránaigh a bheith níos lú ná 45 % den iomlán in aon chás.

Le linn na céime méathaithe, ní mór na sonraíochtaí uile a leagtar síos le haghaidh na céime fáis a chomhlíonadh, cé is moite de na heisceachtaí seo a leanas: níl na hamhábhair 'pónairí soighe iomlána tóstáilte agus/nó asbhrúchán soighe' agus 'min éisc' san áireamh. níor cheart an t-ábhar tirim ó ghránaigh le linn na céime méathaithe a bheith níos lú ná 55 % den iomlán.

Gné bhunúsach chun 'Coppa di Parma' a ullmhú is ea úsáid thraidisiúnta feola ó ghnáthmhuca troma na hIodáile. Tá géinitíopa sonrach- sna hainmhithe sin, ar saintréithe iad de chuid thuaisceart na hIodáile, agus tógtar iad ar feadh 9 mí ar a laghad i ndálaí áirithe a chuireann ar a gcumas dóibh meáchain arda a bhaint amach agus feoil a tháirgeadh ina bhfuil cion ard saille ionmhatánaí agus leibhéil arda einsímí, go háirithe caiteipsiní, atá fíor-riachtanach le haghaidh aibiú 'Coppa di Parma'.

Táirgtear TGFC 'Coppa di Parma' ó fheoil muc arb iad sliocht na n-ainmhithe seo a leanas iad:

(a) collaigh de na pórtha traidisiúnta, is iad sin an Mhórmhuc Bhán Iodálach, an Mhuc Lanrásach Iodálach agus an Mhuc Duroc Iodálach, arna bhfeabhsú ag Leabhar Tréada na hIodáile, bídís ina muca folaíochta nó crosphóraithe idir na pórtha sin, agus cránacha de na pórtha traidisiúnta an Mhórmhuc Bhán Iodálach agus an Mhuc Lanrásach Iodálach, bídís ina muca folaíochta nó crosphóraithe idir na pórtha sin;

(b) collaigh de na pórtha traidisiúnta a luaitear in (a) agus cránacha crosphórucháin nó cránacha de chineálacha géiniteacha eile ar choinníoll go bpóraítear iad faoi scéimeanna roghnúcháin agus/nó crosphórucháin lena mbaineann na pórtha

(c) An Mhórmhuc Bhán, an Mhuc Lanrásach nó an Mhuc Duroc chun muca troma a tháirgeadh, agus aidhmeanna na scéimeanna sin comhoiriúnach le haidhmeanna Leabhar Tréada na hIodáile; collaigh agus cránacha de chineálacha géiniteacha eile ar choinníoll go bpóraítear iad faoi scéimeanna roghnúcháin agus/nó crosphórucháin ina bhfuil na pórtha an Mhórmhuc Bhán, an Mhuc Lanrásach nó an Mhuc Duroc chun muca troma a tháirgeadh, a bhfuil aidhmeanna na scéimeanna sin comhoiriúnach le haidhmeanna Leabhar Tréada na hIodáile;

(d) collaigh de na cineálacha géiniteacha eile a luaitear in (c), agus cránacha de na pórtha traidisiúnta dá dtagraítear in (a).

— i gcomhréir leis an gcleachtas traidisiúnta, déantar muca a bhfuil tréithe neamhfhabhracha iontu, agus go háirithe siondróm struis na muc (PSS), a eisiamh in aon chás; sa lá atá inniu ann, is féidir saintréithe den sórt sin a bhrath go hoibiachtúil in ainmhithe tar éis bháis agus i dtáirgí leasaithe;

— ní mór na cineálacha géiniteacha a úsáidtear a bheith in ann meáchain arda agus dea-éifeachtúlacht a bhaint amach, agus in aon chás meáchan conablaigh aonair idir 110,1 kg agus 190,0 kg, a thaifeadtar tráth an mharaithe;

— is é 9 mí an aois íosta tráth an mharaithe;

— ní féidir collaigh ná cránacha a úsáid;

— tráth a maraithe, ní mór na muca a bheith i riocht barrmhaith sláinte agus ní mór iad a fhuiliú go hiomlán;

Tagann na gearrthacha feola a úsáidtear chun TGFC 'Coppa di Parma' a tháirgeadh ón gcuid mhatánach den mhuineál a ghreamaíonn de na veirteabraí ceirbheacsacha agus ó chuid de na veirteabraí tóracsacha (mais mhatánach san eitre a chruthaítear leis na starrtha spíonacha, na veirteabraí agus na starrtha trasnacha).

Níor cheart aon reo a bheith déanta ar an bhfeoil a úsáidtear.

3.4.

Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe

Ní mór na céimeanna seo a leanas a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe i dtáirgeadh 'Coppa di Parma':

— ullmhú an ghearrtha atá le seoladh lena phróiseáil;

— sailleadh, ar féidir é a dhéanamh de láimh nó go meicniúil agus a mhaireann idir 6 agus 14 lá;

— cásáil, lena n-úsáidtear cásáil nádúrtha le haghaidh táirgí atá le díol ina n-iomláine nó ina gcodanna, nó, i gcás táirgí atá le slisniú sula gcuirtear ar an margadh iad, cásáil nádúrtha athdhéanta ina bhfuil píosaí ó roinnt codanna den chorp ceangailte le chéile;

— ceangal, a dhéantar trí úsáid a bhaint as sreangán (seachas a bheith faoi líon) le haghaidh táirgí atá le díol ina n-iomláine nó ina gcodanna, nó, i gcás táirgí atá le slisniú sula gcuirtear ar an margadh iad, leaisteachas a bhfuil líon déanta as;

— galú ar feadh idir 8 n-uair an chloig agus 10 n-uair an chloig;

— triomú ar feadh tréimhse nach lú ná 15 lá san iomlán;

— aibiú ar feadh tréimhse idir 60 agus 90 lá ag brath ar mheáchan an táirge.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní féidir slisniú agus pacáistiú TGFC 'Coppa di Parma' a dhéanamh ach amháin in áitribh sa limistéar táirgeachta dá dtagraítear i bpointe 4 thíos agus faoi mhaoirseacht an chomhlachta arna údarú de réir na socruithe sa phlean rialaithe.

Nuair a scaoiltear TGFC 'Coppa di Parma' ina iomláine lena thomhailt, ní féidir ach leis an miondíoltóir é a shlisniú, ar chuntar agus i láthair an tomhaltóra deiridh.

I bhfianaise cineál íogair an táirge, atá lán le haigéid shailleacha neamhsháithithe agus nach bhfuil mórán leasaitheach ann, agus an strus a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn gearrtha agus pacáistithe, ní mór do dhaoine a bhfuil eolas sonrach acu ar an táirge na hoibríochtaí sin a dhéanamh. Go háirithe, ní mór slisní a bheith nochta don aer ar feadh tréimhse chomh gearr agus is féidir ionas nach n-iompóidh siad donn.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Féadfar TGFC 'Coppa di Parma' a scaoileadh lena thomhailt: iomlán, gan ach lipéad curtha i gceangal leis; i gcodanna, folúsphacáilte nó in atmaisféar cosanta; slisnithe, folúsphacáilte nó in atmaisféar cosanta.

Ní mór an t-ainm 'Coppa di Parma', agus ina dhiaidh sin an téarma 'Indicazione Geografica Protetta' [Tásc Geografach faoi Chosaint] nó an giorrúchán 'IGP' [TGFC] (a aistrítear go teanga na tíre ina margaítear an táirge) a bheith ar an lipéad i gcarachtair shoiléire dhoscriosta ar féidir iad a idirdhealú go héasca ó aon téacs eile, agus lógó an Chomhphobail agus marc na cuideachta ina dhiaidh sin.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá limistéar táirgeachta TGFC 'Coppa di Parma' comhdhéanta de chríoch riaracháin iomlán Chúigí Parma, Modena, Reggio Emilia, Mantova agus Pavia, agus na bardais feadh Abhainn Po a bhaineann le críoch riaracháin na gcúigí seo a leanas:

— Lodi: Senna Lodigiana, Ospedaletto Lodigiano, Orio Litta, Livraga, Borghetto Lodigiano, Brembio, Secugnago, Somaglia, Casalpusterlengo, Cotogno, Guardamiglio, San Rocco al Porto, San Fiorano, Santo Stefano Lodigiano, Cavacurta, Maleo, Corno Giovine, Corno Vecchio, Maccastorna, Meleti, Castelnuovo Bocca D'Adda, Caselle Landi,

— Milan: San Colombano al Lambro,

— Cremona: Pizzighettone, Crotta d'Adda, Spinadesco, Acquanegra Cremonese, Sesto ed Uniti, Cremona, Gerre de Caprioli, Stagno Lombardo, Pieve d'Olmi, San Daniele Po, Motta Baluffi, Torricella del Pizzo, Gussola, Casalmaggiore, Martignana Po, Rivarolo del Re, Scandolara Bovara, Casteldidone, Solarolo Rainerio, S. Giovanni in Croce, San Martino del Lago, Cingia de' Botti, Cella Dati, Tornata, Calvatone, Piadena, Voltino, Derovere, Ca' d'Andrea, Sospiro, Bonemerse, Malagnino, Pieve San Giacomo, Torre de' Picenardi, Drizzona, Isola Dovarese.

Go geografach, tá criosanna cnocacha sa limistéar táirgeachta a théann síos sa mhachaire agus a shíneann go bruacha thuaidh na Po.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

5.1. *Sainiúlacht an limistéir gheografaigh*

Saintréith de limistéar táirgeachta TGFC 'Coppa di Parma' is ea limistéir chnocacha agus limistéir réidhe araon, chomh maith le lochanna agus mianaigh salainn. Sna cnoic Parma, bhí sé indéanta i gcónaí teicnící an mhachaire a chomhcheangal le salann Salsomaggiore. Go deimhin, mar gheall ar na mianaigh salainn a bheith ann, tá monarú táirgí a aithnítear go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon mar thoradh ar shailleadh agus ar phróiseáil muiceola ó bhí an 14ú céad ann. Is é sin an timpeallacht inar táirgeadh 'Coppa di Parma', a bhuí le forbairt lucht saothair sa limistéar a rinne speisialtóireacht ina tháirgeadh agus a chuir, leis na céadta blianta, leis an oideas a scaipeadh lasmuigh de chúige Parma agus a bunaíodh freisin sna cúigí eile a liostaítear i bpointe 4.

5.2. *Sainiúlacht an táirge*

Tá TGFC 'Coppa di Parma' éagsúil le táirgí eile sa chatagóir tráchtála chéanna mar gheall ar a bhlas sainiúil a bhfuil an leibhéal ceart déine air, a uigeacht mheánach, a aonchineálacht agus a thrua, agus a dhathú aonfhoirmeach (dearg sa chuid thrua agus bándearg sa chuid shailleach).

Saintréithe eile a idirdhealaíonn 'Coppa di Parma' ó *coppa* eile a tháirgtear i limistéir chomharsanacha is ea boige an tslisne agus an méid íseal spíosraí a úsáidtear le linn leasaithe. Is é is cúis leis na saintréithe sin an tréimhse aibithe ghearr agus easpa sonraíochtaí mionsonraithe maidir le húsáid na spíosraí; mar thoradh air sin, coinníonn 'Coppa di Parma' gnáthbhlas agus gnáth-dhea-bholadh na muiceola agus bíonn na slisní bog i gcónaí.

5.3. *Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge (i gcás ATFC) nó cáilíocht shonrach an táirge, an cháil atá air nó saintréith eile atá ann (i gcás TGFC)*

Deimhnítear cáil TGFC 'Coppa di Parma' le leabharliosta fairsing tagairtí agus ardluanna. Tagraítear i ndoiciméid a théann chomh fada siar le deireadh an 17ú céad do 'Coppa di Parma' mar *bondiola* nó *salame investito*, i.e. ispín i gcásáil. Luaitear i nótaí taistealaithe ó thús na 1700idí gur gnáth-tháirge áitiúil é 'Coppa di Parma'. I bhfardal 1723 luaitear nach mór do dhuine líon áirithe ispíní agus *bondiole* a bheith aige chun bheith ina bhall de ghild *lardaroli* [leasaitheoirí feola]. Tagraítear do 'Coppa di Parma' freisin i meastóireacht arna déanamh ag oifigigh ó ghild na leasaitheoirí feola (1750) agus i bhforógra dar dáta an 21 Aibreán 1764. Ón tréimhse sin freisin tá conarthaí cláraithe ag riarthóirí an Teaghlaigh Ríoga chun táirgí bia a sholáthar do na cistineacha ríoga. Tá fianaise choincréiteach ar na cainníochtaí *coppe* agus *bondiole* a d'itítí i gcúirt an Diúic Ferdinand I. Léirítear i ndoiciméid ón 19ú céad na méideanna *coppe* a dhíoltaí sna margaí áitiúla. In 1940, d'onnmhairigh Cúige Parma 200 *coppe* san iomlán.

Baineann saintréithe speisialta TGFC ‘Coppa di Parma’ le sraith nasc an-bheacht leis an timpeallacht, arna glacadh sa chiall is leithne chun tosca nádúrtha geografacha agus daonna a dhéanann difear do na hainmhithe, teicnící táirgeachta, na dálaí aibiúcháin agus, thar aon ní eile, an chaoi a n-idirghníomhaíonn siad sin uile a áireamh. Is léir go bhfuil leanúnachas i dtáirgeadh TGFC ‘Coppa di Parma’ óna bhunús go dtí an lá atá inniu ann. Tharla tionsclú tháirgeadh TGFC ‘Coppa di Parma’ tar éis tréimhse de tháirgeadh ar mhionscála a chaomhnaigh saintréithe traidisiúnta an táirge gan athrú. Tá aeráid agus teocht agus bogthaise an aeir ina saintréithe de chuid chnoic Ghleann Po ónar tháinig TGFC ‘Coppa di Parma’ go stairiúil. Tagann na hamhábhair agus na comhábhair táirgthe ó limistéar atá sainithe agus coinnithe ar bun i ndáiríre le himeacht ama trí urraim a thabhair do na traidisiúin a tharraing an-chuid clú ar an táirge.

Tá ‘Coppa di Parma’ ar cheann de na táirgí feola leasaithe is mó atá le fáil sa limistéar geografach agus bíonn sé le fáil i gcónaí ar liostaí na dtáirgí atá ar fáil do chustaiméirí na bpríomhbhunaíochtaí leasaithe feola ansin. I measc na saintréithe sainiúla a chuireann táirgeoirí ‘Coppa di Parma’ i dtábhacht go hiondúil ina bhfógraíocht tá boige an liamháis shlisnithe – nuair a ghearrtar é, ní mór dó a bheith bog agus gan bheith tirim riamh, rud a léiríonn gur cloíodh leis na tréimhsí aibithe gearra agus gur ráthaíocht é sin ar a bhlas sainiúil. Ciallaíonn boige na feola go n-úsáidtear ‘Coppa di Parma’ mar chomhábhar i bpióga blasta agus i bpíotsaí líonta, mar a léirítear leis an bhfíoras go n-iarrtar go sainráite agus go feiceálach é i roinnt oideas. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin go mbíonn ‘Coppa di Parma’ i gcónaí ar sheastáin na dtáirgeoirí ag na príomhaontaí agrai-bhia sa limistéar.

Tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeAttachment.php/L/IT/D/1%252Fa%252F3%252FD.9503f33df9d283a78cae/P/BLOB%3AID%3D18907/E/pdf?mode=download